


SLITE SÁBHÁILTE
CHUN NA SCOILE

# PRÍOMHCHÉIMEANNA AN CHLÁIR SRTS

Is féidir an treoir céim ar chéim seo a úsáid chun athbhreithniú a dhéanamh ar amlíne an Chláir um Slite Sábháilte chun na Scoile (SRTS).



## i.

## AMLÍNE AN CHLÁIR SRTS

Is tionscnamh de chuid na Roinne Iompair é an clár SRTS agus tacaíonn an Roinn Oideachais leis. Oibríonn Clár na Scoileanna Glasa an clár seo i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus údaráis áitiúla. Oibríonn Oifigeach Bonneagair tiomnaithe SRTS le scoileanna agus le húdaráis áitiúla le linn an phróisis.

**2021**

Seoladh an Clár SRTS i mí an Mhárta 2021 agus bhí deis ag gach scoil in Éirinn iarratas a chur isteach ar uasghráduithe os comhair na scoile chun rochtain níos sábháilte a thabhairt do shiúlóirí, leanaí ar rothair agus gach duine a thagann chun na scoile.

*Tá ocht bpríomhchéim i gClár SRTS, ó scaipeadh go seachadadh. Feictear sa chéim dheiridh go ndéantar na hidirghabhálacha beartaithe sa timpeallacht os comhair na scoile agus go dtugtar faoi na forbairtí bonneagair.*

# 1
## AMLÍNE AN CHLÁIR SRTS



## CÉIM 1

**Scaipeadh:**

Seolfaidh an Roinn Oideachais agus an Roinn Iompair cuireadh chun a bheith rannpháirteach sa chlár chuig príomhoidí.

## CÉIM 2

**Léiriú Spéise:**

Iarrfar ar scoileanna an Léiriú Spéise (EOI) a chomhlánú agus a chur isteach chuig Clár na Scoileanna Glasa.







## CÉIM 3

**Roghnú:**

Beidh próiseas roghnúcháin ann bunaithe ar roinnt critéar comhaontaithe.

# 2
## AMLÍNE AN CHLÁIR SRTS

### CÉIM 4

**Cumarsáid & Idirchaidreamh:**

Cuirfidh Clár na Scoileanna Glasa na scoileanna a roghnófar ar an eolas. Ansin rachaidh Clár na Scoileanna Glasa i dteagmháil leis na scoileanna roghnaithe agus leis na hÚdaráis Áitiúla ábhartha maidir le hidirghabhálacha bonneagair dá scoileanna.

### CÉIM 5

**Idirghabhálacha:**

Cuirfidh Clár na Scoileanna Glasa plean seachadta imlíneach ar fáil do gach scoil a thaispeánfaidh idirghabhálacha ag céim deartha an choincheapa.

### CÉIM 6

**Aighneacht:**

Cuirfidh Clár na Scoileanna Glasa an plean seachadta sin faoi bhráid Údaráis Áitiúla chun é a thabhairt ar aghaidh i gcomhair tuilleadh deartha agus cur chun feidhme. Ansin, is féidir le hÚdaráis Áitiúla rochtain a fháil ar mhaoiniú tiomnaithe ón Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhair na dtionscadal.

### CÉIM 7

**Tacaíocht Pobail:**

Feidhmeoidh an scoil atá i gceist mar churadh áitiúil do na bearta atá molta chun a chinntiú go bhfaighfear tacaíocht ón bpobal le haghaidh na moltaí.

### CÉIM 8

**Soláthar Seirbhíse:**

Tabharfaidh údaráis áitiúla faoi idirghabhálacha molta maidir leis an gceantar mórthimpeall na scoile agus an bonneagar siúil agus rothaíochta i ngar do scoileanna atá le maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Cuirfidh Clár na Scoileanna Glasa saoráidí páirceála rothar ar fáil.



## SMAOINTE

Má theastaíonn tuilleadh tacaíochta uait chun teagmháil níos fearr a dhéanamh le do phobal áitiúil nó le páirtithe leasmhara na scoile, déan teagmháil linn, táimid sásta do chuid smaointe a chloisteáil agus tacú le do chuid riachtanas.

**S:** @SRTS_Ire
**W:** www.greenschoolsireland.org/saferoutestoschool/
**E:** srts@eeu.antaisce.org
**T:** +353 1 400 2222
**A:** EEU An Taisce Unit 5a, Swift’s Alley, Francis Street, Dublin, D08TN88, Ireland.







SLITE SÁBHÁILTE CHUN NA SCOILE

### Acmhainní Cumarsáide:

Tá iliomad acmhainní cumarsáide agus rannpháirtíochta ar fáil mar chuid dár bhFoireann Uirlisí Cumarsáide SRTS. Is féidir leis an Oifigeach Cumarsáide SRTS agus d’Oifigeach Bonneagair tiomnaithe obair le chéile chun pacáiste meán a ullmhú duit le hábhair inphriontáilte agus teimpléid ineagarthóireachta.